

Athnuachan agus Athghabháil Shaothar Liteartha Uí Chadhain

Máirín Nic Eoin

(CATHAOIRLEACH: REGINA UÍ CHOLLATÁIN)

Achoimre

Tá aird an domhain mhóir tarraingthe ar shaothar Mháirtín Uí Chadhain arís le blianta beaga anuas, agus ionad á chruthú dó i gcanóin liteartha na hÉireann, i ndioscúrsa critice an Léinn Éireannaigh agus fiú ar mhargadh idirnáisiúnta na litríochta domhanda, ionad nach raibh aige lena linn féin ná ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin. Rinneadh athléamha tuisceanacha agus athléirithe cruthaitheacha ar an saothar le linn chomóradh céid Uí Chadhain sa bhliain 2006,¹ agus tá sruth leanúnach alt critice ar shaothair éagsúla á fhoilsiú ó shin ag scoláirí liteartha áirithe. Nuair a bhí oidhreacht liteartha Uí Chadhain á plé ar ardáin éagsúla le linn na bliana comórtha, admháodh go minic go raibh freagracht ar an aos acadúil

1 Mar shampla: *Léachtaí Cholm Cille 37: Saothar Mháirtín Uí Chadhain* (Maigh Nuad, 2007); *Canadian Journal of Irish Studies* 34: 1 (Spring 2008); Aisteoirí an Spidéil, ‘Éistíggí! Caithfear éisteacht’, Comóradh Céid Mháirtín Uí Chadhain, An Spidéal, 13–15 Eanáir 2006; Máirtín Ó Cadhain, *Cré na cille: leagan drámatúil le Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha* [leagan raidió a céadchraoladh ar Raidió na Gaeltachta sa bhliain 1973] (Indreabhán, 2006); Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, *Máirtín Ó Cadhain: Cláiocha Arda*, (Gaillimh, 2006); TG4/ROSG, *Cré na cille* [leagan teilifíse a stiúraigh Robert Quinn agus a céadchraoladh ar TG4 sa bhliain 2007] (Baile na hAbhann, 2010); RTÉ/SÓNTA, *Rí an Fhocail & Ó Cadhain sa gCnocán Glas* [céadchraoladh an clár faisnéise *Rí an Fhocail* le Mac Dara Ó Curraidhin ar TG4, 2006, agus céadchraoladh an clár beathaisnéiseach *Ó Cadhain sa gCnocán Glas* le hAindrias Ó Gallchóir ar RTÉ, 1967] (Indreabhán, 2007).

maidir le straitéisí a fhorbairt chun an saothar a léirmhíniú do ghlúin nua léitheoirí, agus luadh bearnaí móra tuisciana a chuimsigh ceisteanna teanga agus téacs-úlachta ar thaobh amháin agus comhthéacsanna polaitiúla agus soch-chultúrtha an tsaothair ar an taobh eile.² Is éard a bheidh á áiteamh agam san aiste seo—atá bunaithe ar Léacht Uí Chadhain 2017³—ná gur mithid dúinn anois teacht i dtír ar an spéis atá múscailte, go háirithe trí fhoilsiú na n-aistriúcháin Béarla ar *Cré na cille* agus ar chuid de na mórshaothair eile,⁴ agus athnuachan agus athghabháil a dhéanamh ar shaothar liteartha an Chadhnaigh trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcorpas critice agus trí aird a dhíriú ar na ceisteanna critice atá fós á gcur agus ar na tionscnaimh taighde atá idir lámha.

Tá dhá chuspóir leis an aiste seo. I dtosach báire, breathnófar ar an tréimhsíú a rinneadh ar an saothar nuair a bhí dúshraith acadúil á leagan faoin gritic ar Ó Cadhain sna 1980í,⁵ d'fhonn tuiscintí critice áirithe a chíoradh agus a cheistiú. Ina dhiaidh sin, scrúdófar cuid de na frámaí léirmhínithe atá in úsáid anois ag criticeoirí atá ag plé le saothar liteartha Uí Chadhain, le béim ar leith ar thábhacht agus ar thionchar na n-athléamh atá á ndéanamh le tamall anuas ar *Cré na cille*.

2 Féach: ‘Ar éisteadh leis?’, forlónadh speisialta in *Foinse*, 8 Eanáir 2006; Louis de Paor, ‘Ceist, cé léifeadh Máirtín Ó Cadhain?’ *Combar* (Samhain 2006), 7–9.

3 Tugadh an léacht sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar 19 Deireadh Fómhair 2017, mar chuid d’fhéile liteartha IMRAM. Gabhaim buíochas leis an Dr Diarmuid Ó Sé, Ceann na Nua-Ghaeilge, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a thug cuireadh dom an léacht a thabhairt, agus leis an Ollamh Regina Uí Chollatáin, Ceann na Scoile, a rinne cathaoirleacht uirthi. Tá mé buíoch freisin de mo sheanchara, an Dr Mícheál Bríody, Ollscoil Helsinki, as a chuid eolais agus tuisciana ar Ó Cadhain agus a shaothar a roinnt go fial liom.

4 Máirtín Ó Cadhain [aistr. Alan Titley], *Cré na cille/The dirty dust* (New Haven & London, 2015); Máirtín Ó Cadhain [aistr. Liam Mac Con Iomaire & Tim Robinson], *Graveyard clay/ Cré na cille* (New Haven & London, 2016); Máirtín Ó Cadhain [aistr. Louis de Paor, Mike McCormack & Lochlainn Ó Tuairisg], *Dhá scéal: Two stories* (Galway, 2006); Máirtín Ó Cadhain [aistr. Louis de Paor & Lochlainn Ó Tuairisg], *The key/An eochair* (Dublin, 2015).

5 Tá an achoimre a thugaim ar scéal an tréimhsithe anseo bunaithe ar na saothair seo a leanas go háirithe: Alan Titley, ‘Ag déanamh páipéir—foinsí inspioráide an Chadhnaigh’ in Eoghan Ó hAnluain (eag.), *Léachtaí Uí Chadhain I (1980–1988)* (Baile Átha Cliath, 1989), 24–46; Gearóid Denvir, ‘Ó chill go cré’, *ibid.*, 134–151; Gearóid Denvir, *Cadhán aonair: Saothar liteartha Mháirtín Uí Chadhain* (Baile Átha Cliath, 1987); Louis de Paor, ‘Máirtín Ó Cadhain: Scribhneoir nua-aimseartha iar-Fhreudach’, *Léachtaí Uí Chadhain I*, 152–165; Louis de Paor, *Faoin mblaois bheag sin (An aigneolaíocht i scéalta Mháirtín Uí Chadhain)* (Baile Átha Cliath, 1991); Louis de Paor, ‘Maxim Gorky, Máirtín Ó Cadhain agus riasradh na scéalaíochta’ *Combar* (Nollaig 1990), 51–52, 54; Louis de Paor, ‘Introduction: Introducing Máirtín Ó Cadhain’, *Canadian Journal of Irish Studies* 34: 1 (Spring 2008), 10–17; Louis de Paor, ‘Réamhrá’, *Máirtín Ó Cadhain: Rogha scéalta* [Louis de Paor a roghnaigh], (Indreabhán, 2014), 7–22.